AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.10.2026
COM(2026) 537 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus ar Phrótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE

(an Treoir maidir le mil)

IARSCRÍBHINN

DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

Uimh. […]

an […]

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir (AE) 2024/1438 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Treoir 2001/110/CE ón gComhairle maidir le mil, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súnna torthaí agus táirgí comhchosúla áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, Treoir 2001/113/CE ón gComahirle maidir le subha torthaí, glóthacha torthaí agus marmaláidí torthaí agus purée castán milsithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine agus Treoir 2001/114/CE ón gComhairle maidir le bainne leasaithe atá díhiodráitithe go páirteach nó go hiomlán atá beartaithe lena thomhailt ag an duine[1], arna ceartú le IO L, 2026/90217, 19.3.2026, tá sí le hionchorprú i gComhaontú LEE..

(2) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bhia a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bhia, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear i réamhrá Chaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Caibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Leasaítear pointe 54zo (Treoir 2001/110/CE ón gComhairle) mar a leanas:

   a. cuirtear an fhleasc seo a leanas leis:

   '- **32024 L 1438**: Treoir (AE) 2024/1438 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 (IO L, 2024/1438, 24.5.2024), arna leasú le IO L, 2026/90217, 19.3.2026.'

[1] IO L, 2024/1438, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1438/oj

b. Cuirtear an méid seo a leanas isteach:

‘Módúlachtaí maidir le comhlachas Stáit CSTE i gcomhréir le hAirteagal 101 den Chomhaontú:

Beidh Stáit CSTE comhlachaithe go hiomlán le hobair an ardáin arna bhunú de bhun Airteagal 4b agus beidh na cearta agus oibleagáidí céanna acu laistigh de agus a bhíonn ag Ballstáit an Aontais, cé is moite den cheart vótála.’

2. Cuirtear isteach an fhleasc seo a leanas isteach i bpointí 54zq (Treoir 2001/112/CE ón gComhairle), 54zr (Treoir 2001/113/CE ón gComhairle) agus 54zs (Treoir 2001/114/CE ón gComhairle):

‘- **32024 L 1438**: Treoir (AE) 2024/1438 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 (IO L, 2024/1438, 24.5.2024), arna leasú le IO L, 2026/90217, 19.3.2026.’

Airteagal 2

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i bPrótacal 37:

‘50. An t-ardán de bhun Airteagal 4b de Threoir 2001/110/CE.’

Airteagal 3

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Threoir (AE) 2024/1438, arna cheartú le IO L, 2026/90217, 19.3.2026, san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha*.

Airteagal 5

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, [...].

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

[…]

Rúnaithe
Chomhchoiste LEE
[…]

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]